Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2024
(OR. en)

11193/24

LIMITE

FISC 138
ECOFIN 718

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) le linn Uachtaránacht na Beilge – Formheas |

1. I gcomhréir leis an sainordú atá aici, tuairiscíonn an Mheitheal um an gCód Iompair go tráthrialta don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh aici ina cuid oibre. Leagtar amach in 11151/2024 + ADD 1-3 an tuarascáil leathbhliantúil is déanaí ón Meitheal um an gCód Iompair chuig an gComhairle.

2. Rinneadh scrúdú ar dhréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Beilge agus ag an gcruinniú den Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) an 10 Meitheamh 2024. Tacaíonn na toscaireachtaí go léir leis an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle (Ecofin) na conclúidí seo a ghlacadh mar mhír 'A' an 21 Meitheamh 2024.

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) le linn Uachtaránacht na Beilge**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI éifeacht dhearfach an Chóid Iompair agus obair na Meithle maidir le cleachtais chánach dhíobhálacha a laghdú agus maidir leis an laghdú ar chórais chánach fhabhracha a laghdú ar leibhéal an Aontais agus ar fud an domhain araon;

2. DEARBHAÍONN SÍ GUR MÓR AICI an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Beilge, go háirithe maidir leis na fógraí i ndáil le neamhghníomhaíocht agus rolladh siar, leis an athbhreithniú ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha i mí Feabhra 2024 agus an obair chun an Cód Iompair maidir le Cánachas Gnó a neartú a thuilleadh;

3. FORMHEASANN SÍ tuarascáil na Meithle mar a leagtar amach in 11151/2024 + ADD 1-3 í;

4. FORMHUINÍONN SÍ an dul chun cinn a rinneadh sa Mheitheal maidir le measúnú ar na fógraí i ndáil le neamhghníomhaíocht agus rolladh siar agus IARRANN sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar shaincheist na neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar;

5. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI obair na Meithle maidir le feabhas a chur ar fhógraí faoin nós imeachta neamhghníomhaíochta; FORMHUINÍONN SÍ an Treoir maidir le fógra a thabhairt faoi bhearta fabhracha cánach faoi mhír E den Chód Iompair a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil;

6. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'idirphlé éifeachtach leis na dlínsí agus leanúint den fhaireachán, ionas go leanfaidh na dlínsí dá ngeallltanais faoi seach a chomhlíonadh agus critéir liostaithe an Aontais i gcomhréir leis na spriocdhátaí a comhaontaíodh a chomhlíonadh;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dul chun cinn atá déanta i dtrí dhlínse maidir leis an gcaighdeán um Uathmhalartú Faisnéise (critéar 1.1) a chur chun feidhme agus in dá dhlínse i ndáil leis an gcaighdeán maidir le faisnéis a mhalartú arna iarraidh sin (critéar 1.2); DEARBHRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na hathchóirithe ar chórais chánach fhabhracha i ndlínsí agus an dul chun cinn atá déanta ag dlínsí a chuir an t-athchóiriú ar a gcórais maidir le díolúine ioncaim ó fhoinse eachtrach i gcrích laistigh den spriocdháta a moladh agus an t-idirphlé atá ar siúl faoi láthair le dlínsí eile atá i mbun athchóiriú a dhéanamh ar a gcórais maidir le díolúine ioncaim ó fhoinse eachtrach; AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn a rinneadh maidir le dlínsí cánach nach ngearrann cáin nó nach ngearrann ach cáin neamhshuntasach i gcomhthéacs faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gceanglas maidir le substaintí eacnamaíocha faoi chritéar 2.2; DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn le dlínsí ábhartha maidir le cur chun feidhme an chaighdeáin íosta frith-BEPS i dtaca le tuairisciú de réir tíre (critéar 3.2);

8. AITHNÍONN SÍ obair na Meithle maidir leis an meastóireacht atá déanta agus a dhéanfar amach anseo ar an gcur chun feidhme atá déanta ag na Ballstáit ar bhearta cosanta i réimse na cánach i leith dlínsí neamh-chomhoibríocha; FORMHUINÍONN SÍ an Treoir maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart cosanta cánach agus an ceistneoir ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil;

9. DEARBHAÍONN SÍ GUR MÓR AICI an dul chun cinn maidir le critéar 1.4 a bheidh ann amach anseo maidir le faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil; IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair chun úinéireacht thairbhiúil a ionchorprú mar cheathrú critéar maidir le trédhearcacht cánach;

10. DEARBHRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur cuireadh tús leis an scagadh ar dhlínsí nua faoi raon feidhme liosta an Aontais;

11. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na hUngáire.